Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# IARRATAS AR MHEASTACHÁN

## DO CHAITEACHAS COMHIOMLÁN SUAS LE €17,000 (VAT san áireamh)

**Ábhar an Mheastacháin**

Seirbhísí a chur ar fáil i leith **Bailiúchán Cartlainne Coimisinéirí Baile Bhéal Átha na Sluaighe (catalóg iomlán a chur ar fáil) a Phróiseáil** do Sheirbhís Chartlainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe

**Na Príomhdhátaí:**

| | |
|---|---|
| **An Dáta Eisithe** | **3 Márta 2022** |
| **An Dáta Deiridh do Cheisteanna** | **16.30 pm an 14 Márta 2022** |
| **An Dáta Deiridh do Mheastacháin** | **16.30 pm Déardaoin an 24 Márta** |

**An Teagmhálaí maidir le Ceisteanna**

**Patria McWalter, Cartlannaí:** archivist@galwaycoco.ie

**TABHAIR AR AIRD – Leagan amach maidir le meastacháin a chur isteach – bain úsáid as an Doiciméad um Fhreagra a Thabhairt ar Mheastachán atá ceangailte leis an ríomhphost freisin**

archivist@galwaycoco.ie

**Ábhar an ríomhphoist: 'Bailiúchán Coimisinéirí Baile Bhéal Átha na Sluaighe a Phróiseáil[1]**

[1] Mar shampla, áirítear leis BTC x 16 imleabhar de mhiontuairiscí; Bord Adhlactha x 1 mhiontuairisc; An Coiste Rátaí x 4 mhiontuairisc; Leabhair Rátaí x 11: leabhair Litreacha Fáisceáin Thais x 4: Leabhar cláir oibre x 1: Mórleabhair BTC x 4: Gearáin Chúirte x 6 (1864-1907); Cuideachta/Coiste Gáis x tuairim is 6 mhiontuairisc; 8 x mórleabhair / leabhair chuntasaíochta (c.1859 - 1917); An tÚdarás um Shláinte Uirbeach x 4 Mhiontuairisc (1880-1903).

**Iarratas cruachóipe de réir treoracha sa <u>Doiciméad um Fhreagra a Thabhairt ar Mheastachán</u>**

## ÁBHAR


1. MAIDIR LE CARTLANN CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE .......... 3

2. RAON AN RIACHTANAIS .......... 3

2.1 Riachtanais a Shainiú .......... 3

2.2 Láithreacha Soláthair .......... 4

2.3 Roghanna .......... **Error! Bookmark not defined.**

2.4 Praghsáil .......... 4

2.5 Feidhmíocht a Athbhreithniú .......... 4

2.5.1 Cuntas a Bhainsitiú .......... 4

2.5.2 Sonrasc a chur isteach .......... 4

2.6 An Té atá sa Dara hÁit a Dhámhachtain .......... 5

3. CRITÉIR MHEASÚNAITHE .......... 5

3.1 Oiriúnacht .......... 5

3.2 Critéir don Dámhachtain .......... 6

4. LEAGAN AMACH DON FHREAGRA .......... 8

5. TREORACHA DO GHNÓLACHTAÍ ATÁ CHUN MEASTACHÁN A THABHAIRT .......... 8

(a) An Dáta Deiridh .......... 8

(b) Meastacháin a Chur Isteach .......... 8

(c) Airgeadra agus Íocaíochtaí .......... 8

(d) Rúndacht .......... 9

(e) Coinbhleacht Leasa .......... 9

(f) Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise .......... 9

(g) Cosaint Sonraí .......... 9

(h) Deimhniú Imréitigh Cánach .......... 10

(i) Cáin Shiarchoinneálach .......... 10

(j) Cur isteach agus Dreasacht chun Ceannach .......... 10

(k) Fógra a Thabhairt maidir le Meastóireachtaí .......... 10

(l) An Té atá sa Dara hÁit a Dhámhachtain .......... 11

(m) Pearsanra Ionaid .......... 11

(n) Cóipcheart .......... 11
(o) An Fhreagracht atá ar an bPáirtí a nÉiríonn leis .......... 11

# 1. MAIDIR LE CARTLANN CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

Is é Cartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe, dá dtagraítear mar an Chartlann ina dhiaidh seo anseo, an t-údarás atá freagrach as an soláthar seo. Tagann an Chartlann, a oibríonn i gcomhar leis an tSeirbhís Leabharlainne, faoin Stiúrthóireacht um an Eacnamaíocht, um Fhorbairt Tuaite agus Pobail agus um Sheirbhís Chorparáideach i gComhairle Chontae na Gaillimhe.

Is é an fheidhm atá ag Cartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe cartlanna údaráis áitiúla de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chaomhnú, agus cartlanna a bhaineann le leas áitiúil a fháil agus a chaomhnú. Is faoin Acht Rialtais Áitiúil, a ritheadh sa bhliain 1994 a tugadh isteach foráil reachtúil den chéad uair in Éirinn chun cartlanna údaráis áitiúla a chosaint. Trí sin, tá sé mar fheidhm ag údaráis áitiúla '*make arrangements for the proper management, custody, care and conservation of local records and local archives and for inspection by the public of local archives*'.
Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ag ár láithreán gréasáin chorparáideach www.galway.ie/archives.

# 2. RAON AN RIACHTANAIS

## 2.1 Riachtanais a Shainiú

**Cúlra**

**Cartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe**

Tá Seirbhís Chartlainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag iarraidh meastacháin a fháil ó chuideachtaí agus daoine atá inniúil go cuí chun bailiúchán cartlanna a bhaineann le Coimisinéirí Baile Bhéal Átha na Sluaighe ó *circa* 1842-1917 a ghlanadh, a liostú agus a eagrú (*in éineacht le cuntais mhionsonraithe maidir le gach mír*[2]*, i gcomhréir le ISAD(G))*, uimhir a chur orthu, fo-uimhir a chur orthu agus iad a chur i mboscaí an athuair / clúdach a chur orthu. Chomh maith leis sin, caithfear miontuairiscí a ullmhú lena ndigitiú agus alt agus preasráiteas a scríobh chun poiblíocht a thabhairt don bhailiúchán, mar aon le cur i láthair *power-point* (nó cur i láthair comhchosúil) agus / nó cur i láthair réamhthaifeadta a ullmhú lena eisiúint le linn Sheachtain na hOidhreachta (13-21 Lúnasa), maidir leis an ábhar. Den chuid is mó, cuimsíonn an bailiúchán leabhair de mhiontuairiscí ó choistí éagsúla, chomh maith le roinnt taifid airgeadais agus leabhair rátaí.

Déanfar an bailiúchán a liostú ar Word, agus beidh rogha ann é a aistriú go Adlib i ndiaidh é a chríochnú.

[2] Féach na liostaí tuairisciúla maidir le bailiúcháin Choimisinéirí Baile Bhaile Locha Riach (LTC/1/) agus Thuama (TTC/1/) chun samplaí a fháil maidir leis an leibhéal cuir síos atá ag teastáil, atá ar fáil ag www.galway.ie/digitalarchives nó ag an gcatalóg ar líne http://gccapps.galwaycoco.ie/archives/ais5/

**A bhfuil le soláthar:**

- Tá an bailiúchán á choinneáil i seomra taighde agus oifig na Cartlainne, Island House, Cearnóg na hArdeaglaise, Gaillimh. Is ansin a chuirfear an obair i gcrích le linn gnáthuaireanta oifige, ón 9 am go 5 pm, Luan go hAoine.

**An dáta soláthair:** **Le cinneadh faoin 30 Meitheamh 2022.**

## 2.2 Láithreacha Soláthair

N/B

## 2.3 Praghsáil

Is é **€17,000** (lena n-áirítear VAT, Táille an Tionscadail, costais oifige agus chumarsáide, costais taistil agus gach costas eile) an Buiséad uasta maidir leis an tSeirbhís seo a chur ar fáil).

## 2.4 Feidhmíocht a Athbhreithniú

Tá seirbhís ardchaighdeáin ag teastáil faoin gconradh seo. Dá bhrí sin, déanfar monatóireacht leanúnach ar fheidhmíocht le linn théarma an chonartha. Is iad na príomhchritéir a bheidh i gceist chun feidhmíocht a thomhas ná iomaíochas costais, comhlíonadh agus caighdeán na seirbhíse agus an aga slánúcháin.

### 2.4.1 Cuntas a Bhainistiú

Ní mór do ghnólachtaí nó daoine aonair a bhfuil meastachán á chur isteach acu bainisteoir cuntais tiomnaithe a ainmniú a ghníomhóidh ina phríomhphointe teagmhála ar feadh tréimhse an chonartha. Beidh údarás ag an duine sin déileáil le gach ceist a bhaineann leis an gconradh agus beidh sé freagrach as na seirbhísí atá á n-éileamh a chomhlíonadh go sásúil.

### 2.4.2 Sonrasc a chur isteach

- Cuirfidh an gnólacht nó duine aonair a n-éiríonn leis an sonrasc isteach ag an gcéad aontú.
- Ní mór uimhir Ordaithe Ceannaigh ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe a lua sa sonrasc oifigiúil. Mura luaitear an uimhir orduithe ábhartha sa sonrasc cuirfear an sonrasc ar ais chuig an soláthraí.
- Ní mór an sonrasc a chur isteach tríd an modh seo a leanas: **Bailiúchán Cartlainne Coimisinéirí Baile Bhéal Átha na Sluaighe**

  Comhairle Chontae na Gaillimhe, Cuntais Iníoctha, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, Éire

Nó a sheoladh go díreach trí ríomhphost chuig accountspayable@galwaycoco.ie agus cóip a sheoladh chuig archivist@galwaycoco.ie

## 2.5 An Té atá sa Dara hÁit a Dhámhachtain

Mura féidir, ar chúis ar bith, an conradh a bhronnadh ar an ngnólacht nó duine aonair a n-éiríonn leis mar thoradh ar an bpróiseas iomaíoch seo, nó má mheasann Comhairle Chontae na Gaillimhe, i ndiaidh an conradh a bhronnadh, nár chomhlíon an gnólacht nó duine aonair ar éirigh leis a chuid oibleagáidí, coimeádann Comhairle Chontae na Gaillimhe an ceart aici féin an conradh a bhronnadh ar an ngnólacht nó duine aonair a bhaineann an chéad scór eile is airde amach bunaithe ar na téarmaí a fógraíodh, ag tráth ar bith le linn na tréimhse bailíochta 6 mhí don mheastachán.

# 3. CRITÉIR MHEASÚNAITHE

## 3.1 Oiriúnacht

Ní bhreithneoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ach meastacháin ó ghnólachtaí/daoine aonair atá inniúil agus iontaofa agus comhlíontach i gcúrsaí airgeadais. Chun na críche sin, éilítear ort an méid a leanas a dhearbhú tríd an bhféindearbhúchán a chomhlánú sa Doiciméad um Fhreagra a Thabhairt ar Mheastachán (QRD).

(a) Faisnéis ghinearálta faoin gcuideachta.

(b) Comhlíonadh cánach a dhearbhú.

(c) Dearbhú a thabhairt go bhfuil árachas cuí ag an ngnólacht/páirtí.

(d) Dearbhú a thabhairt trí fhógra nach bhfuil an gnólacht bancbhriste, ciontach i leith éilliú, calaois, sciúradh airgid, ballraíocht in eagraíocht choiriúil, nach bhfuil aon bhaint aige le fostú páistí agus/nó gáinneáil a dhéanamh ar dhaoine agus go gcomhlíonann an gnólacht na hoibleagáidí reachtúla ar fad atá air go hiomlán.

## 3.2 Critéir don Dámhachtain

Bronnfar an conradh bunaithe ar mheastóireacht chaighdeáin agus chostais de réir mar dhéanfaidh Cartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe measúnú uirthi. Níl sé d'oibleagáid ar an gCartlann glacadh leis an meastachán is isle ná glacadh le meastachán ar bith fiú.

Cuirfear na critéir seo a leanas i bhfeidhm:

| Critéar A | | Ualú | Marcanna Uasta |
|---|---|---|---|
| **An Mhodheolaíocht atá Beartaithe** | | 35% | 35 |
| **Cur Síos** | Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe measúnú ar an méid seo a leanas:<br>• Fianaise go dtuigtear an treoir<br>• An scála ama atá leagtha amach<br>• An mhodheolaíocht atá beartaithe | | |

| **Critéar B** | | **Ualú** | **Marcanna Uasta** |
|---|---|---|---|
| **Cáilíochtaí agus taithí** | | 50% | 50 |
| **Cur Síos** | Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe measúnú ar cháilíochtaí agus taithí bunaithe ar an bhfreagra a thugtar ar chritéar B de réir mar a leagtar amach thíos:<br><br>Ní mór go mbeadh cáilíocht iarchéime aitheanta i Léann na Cartlannaíochta ag an iarratasóir mar aon le taithí fhónta maidir le bainistiú cartlannaíochta a dhéanamh ar bhailiúcháin, agus bheadh cáilíocht phoist 3 bliana ar a laghad inmhianta.  Baineann an bailiúchán seo, a chuimsíonn thart ar 70 imleabhar (Miontuairiscí agus taifid airgeadais) le lár an 19ú haois chomh fada le tús an 20ú haois, agus d'fhéadfadh eolas nó taithí ar obair dá leithéid bheith ina bhuntáiste. Bheadh eolas maidir le bunachair shonraí ar nós ADLIB ina bhuntáiste freisin. | | |

| Critéar C | | Ualú | Marcanna Uasta |
|---|---|---|---|
| **An Critéar maidir le Costas** | | 15% | 15 |
| **Cur Síos** | Comhlánaigh an Fhoirm Mheastacháin atá ar fáil sa Doiciméad um Fhreagra a Thabhairt ar Mheastachán seo.<br><br>Níl sé d'oibleagáid ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe glacadh leis an meastachán is ísle ná glacadh le meastachán ar bith fiú. | | |

## Cóipcheart

Coimeádfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe úinéireacht agus cóipcheart ar an ábhar ar fad, in cibé leagan amach, a úsáidtear d'fhonn an catalóg/liosta, ailt, tuairiscí agus cuir i láthair a chruthú.

Ní dhéanfar ábhar dá leithéid a athchruthú ná a úsáid chun críche ar bith eile gan cead a fháil roimh ré ó Chartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

## 4. LEAGAN AMACH DON FHREAGRA

Iarrtar ar Sholáthraithe Seirbhísí an Doiciméad um Fhreagra a Thabhairt ar Mheastachán a chomhlánú ina gcuimseofar:

(i) Faisnéis Ghinearálta faoin gCuideachta
(ii) Faisnéis maidir leis na Critéir Oiriúnachta a chomhlíonadh – cáin, árachais agus dearbhuithe
(iii) An Fhoirm Mheastacháin

Bí cinnte go léann tú na Treoracha do Ghnólachtaí atá chun Meastachán a Thabhairt de réir mar atá mionsonraithe i gCuid 5.

## 5. TREORACHA DO GHNÓLACHTAÍ ATÁ CHUN MEASTACHÁN A THABHAIRT

### (a) An Dáta Deiridh

Is é **16.30 pm Déardaoin an 24 Márta 2022** an dáta deiridh chun meastacháin a fháil

Ní chuirfear meastacháin dhéanacha san áireamh sa chomórtas seo.

### (b) Meastacháin a Chur Isteach

Ba chóir meastacháin a chur isteach chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: archivist@galwaycoco.ie

Agus iad a bheith marcáilte go hinléite le '**Meastachán maidir le Bailiúcháin Coimisinéirí Baile Bhéal Átha na Sluaighe a Phróiseáil'**

**Ceisteanna**
Ba chóir na ceisteanna ar fad maidir leis an meastachán seo a chur isteach chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: archivist@galwaycoco.ie

- Agus iad marcáilte go hinléite le **Ceist faoi Mheastachán maidir le Tionscadal Bhailiúchán Bhéal Átha na Sluaighe**

- Ba chóir ceisteanna a chur chomh luath agus is féidir – is é **16.30 pm Dé Luain an 14 Marta 2022** an dáta deireadh i leith ceisteanna.

D'fhonn freagraí a chur i gcúrsaíocht, déanfar eagarthóireacht ar cheisteanna ionas nach nochtfar bunús an ghnólachta/an duine aonair a chuireann ceist isteach agus ba chóir aon fhaisnéis íogair atá sa cheist a chur in iúl go soiléir.

### (c) Airgeadra agus Íocaíochtaí

Is é an Euro (€) an t-airgeadra ina luafar na praghsanna agus rátaí ar fad sna sonraisc, agus ina n-íocfar íocaíochtaí faoin gconradh. Níor chóir VAT a chur san áireamh sna praghsanna agus rátaí ar fad a luaitear.

Comhaontófar sceideal íocaíochtaí leis an ngnólacht a n-éiríonn leis. Feidhmíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhréir le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012.

Is é Ríomhaistriú Airgid an modh íocaíochta caighdeánach a úsáidtear.

### (d) Rúndacht

Is é an cuspóir amháin atá leis na doiciméid mheastacháin a chur i gcúrsaíocht ná tairiscintí a fháil. Ní thugtar cead ná ceadúnas na doiciméid a úsáid chun críche ar bith eile mar gheall go bhfuil siad i gcúrsaíocht. Ní mór do ghnólachtaí na mionsonraí atá sna doiciméid ar fad a chuirtear ar fáil mar chuid den phróiseas meastacháin a láimhseáil mar mhionsonraí atá príobháideach agus faoi rún.

### (e) Coinbhleacht Leasa

Ní mór aon choinbhleacht leasa a bhaineann le gnólacht (nó gnólachtaí sa chás gur iarracht cuibhreannais atá ann) a nochtadh go hiomlán do Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Ní mór aon leas inchláraithe maidir leis an ngnólacht agus Comhairle Chontae na Gaillimhe nó fostaithe de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe nó a ngaolta a nochtadh go hiomlán san aighneacht ar mheastachán, nó, sa chás go dtugann an gnólacht an fhaisnéis seo faoi deara i ndiaidh tairiscint a chur isteach agus roimh bhronnadh an chonartha, ba chóir é sin a chur in iúl do Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar an toirt i ndiaidh faisnéis dá leithéid bheith ar an eolas ag an gnólacht. Léirmhíneofar na téarmaí ‘leas inchláraithe' agus 'gaol' de réir Alt 2 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995. Mura nochtar coinbhleacht leasa, d’fhéadfaí gnólacht a dhícháiliú nó d’fhéadfaí dámhachtain nó conradh a dhéanamh neamhbhailí, ag brath ar an am a dtagann an choinbhleacht leasa chun solais.

### (f) Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise

Is faoi rún a chaithfear leis na freagraí ar fad a thugtar ar an iarratas ar mheastachán seo agus ní chuirfear aon fhaisnéis atá iontu in iúl do thríú páirtí ar bith gan cead i scríbhinn a fháil ón ngnólacht, ach amháin a mhéid is gá go sonrach d’fhonn an freagra a bhreithniú agus a mheasúnú, nó a mhéid a d’fhéadfadh sé bheith riachtanach faoin dlí, lena n-áirítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014, AE agus rialacha agus nósanna imeachta Rialtas na hÉireann maidir le Soláthar, nó mar fhreagra ar cheisteanna, díospóireachtaí nó nósanna imeachta parlaiminteacha eile san Oireachtas nó ón Oireachtas (Parlaimint ne hÉireann).

Iarrtar ar ghnólachtaí a bhreithniú cibé ar chóir gan aon chuid den fhaisnéis a chuir siad ar fáil mar fhreagra ar an iarratas seo a nochtadh mar gheall ar an íogaireacht a bhaineann léi. Más amhlaidh an cás, ba chóir do ghnólachtaí an fhaisnéis atá íogair a shonrú chomh maith leis na cúiseanna a bhaineann le híogaireacht na faisnéise a shonrú freisin. Ní ghlacann Comhairle Chontae na Gaillimhe aon fhreagracht ar chor ar bith i leith faisnéis ar bith a chuirtear ar fáil agus a eisítear ina dhiaidh sin ná i leith aon damáiste iarmhartach a fhulaingítear mar thoradh ar nochtadh dá leithéid.

### (g) Cosaint Sonraí

Éilítear ar ghnólachtaí na treoracha ar fad a thugann Comhairle Chontae na Gaillimhe a chomhlíonadh maidir le:

(i) Faisnéis Rúnda nó sonraí ar bith agus uile a úsáid agus a chur i bhfeidhm (lena n-áirítear sonraí pearsanta de réir mar a shainítear sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 - 2018);

(ii) socruithe slándála áitiúla a mheasann Comhairle Chontae na Gaillimhe iad a bheith measartha riachtanach lena n-áirítear, má éilítear, doiciméid a chomhlánú faoin Acht um Rúin Oifigiúla, 1963 agus cloí le haon riachtanais ghrinnfhiosrúcháin atá ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, lena n-áirítear grinnfhiosrúcháin arna ndéanamh ag údaráis phóilíneachta;

(iii) cloí le riachtanais an Dlí maidir le Cosaint Sonraí agus le treoirlínte dá leithéid a d'fhéadfadh an Coimisinéir Cosanta Sonraí a eisiúint ó am go chéile, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do:

- Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 -2018 agus
- Riachtanais ar fad an AE a thagann chun cinn (lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, forálacha maidir le sonraí a phróiseáil, slándáil sonraí agus srianta maidir le haistrithe thar lear a chinntiú) agus aon reachtaíocht agus rialacháin trína gcuirtear an méid céanna i bhfeidhm.

### (h) Deimhniú Imréitigh Cánach

Beidh sé ina choinníoll den chonradh seo a bhronnadh agus aon chonradh ina dhiaidh sin go gcomhlíonfadh an gnólacht/na gnólachtaí a n-éiríonn leo dlíthe an AE agus dlíthe náisiúnta ar fad maidir le cáin. Treoraítear gnólachtaí chuig láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim http://www.revenue.ie/. Ba chóir do ghnólachtaí neamhchónaitheacha iarratas a dhéanamh chuig Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Imréiteach Cánach Neamhchónaitheach, Oifig an Ard-Bhailitheora, Teach Sarsfield, Sráid Phroinséis, Luimneach, Éire; ríomhphost: nonrestaxclearance@revenue.ie.

### (i) Cáin Shiarchoinneálach

Beidh íocaíochtaí ábhartha faoi réir 'Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla' ag an ngnáthráta (atá ag 20% faoi láthair) de réir mar atá leagtha síos ag na Coimisinéirí Ioncaim in Éirinn. D'fhéadfadh neamhchónaitheoirí bheith in ann Cáin asbhainte dá leithéid a fháil ar ais ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim in Éirinn, An Rannóg um Éilimh Idirnáisiúnta atá lonnaithe faoi láthair ag Oifigí an Rialtais, an tAonach, Co. Thiobraid Árann, Éire (Teil: +353-67-63400).

### (j) Cur isteach agus Dreasacht chun Ceannach

Má dhéanann an gnólacht aon iarracht tionchar mícheart a imirt ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe, ar phearsanra gníomhaireachta ábhartha nó ar aon daoine nó comhlachtaí a bhaineann le hábhar an phróisis maidir le meastacháin a scrúdú, a shoiléiriú, a mheasúnú agus a chur i gcomparáid agus ar chinntí maidir leis an gConradh a Bhronnadh, diúltófar dá iarracht. I gcomhréir le hAlt 38 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, measfar aon airgead, bronntanas nó comaoin eile ó dhuine a bhfuil conradh aige nó atá féachaint le conradh a fháil a bheith tugtha go héillitheach seachas sa chás go gcruthaítear a mhalairt.

### (k) Fógra a Thabhairt maidir le Meastóireachtaí

Cuirfear na páirtithe ar fad ar an eolas maidir le toradh a dtograí i ndiaidh na meastóireachta agus i ndiaidh aon soiléirithe riachtanacha a dhéanamh.

### (l) An Té atá sa Dara hÁit a Dhámhachtain

Mura féidir, ar chúis ar bith, an conradh seo a bhronnadh ar an bpáirtí tiomnaithe rathúil a thagann chun cinn mar thoradh ar an bpróiseas iomaíoch seo, nó má mheasann Comhairle Chontae na Gaillimhe, i ndiaidh an conradh a bhronnadh, nár chomhlíon an páirtí rathúil a chuid oibleagáidí, coimeádann Comhairle Chontae na Gaillimhe an ceart aici féin le linn na tréimhse bailíochta don mheastachán, an conradh a bhronnadh ar an bpáirtí a bhaineann an chéad scór eile is airde amach bunaithe ar na téarmaí a fógraíodh agus gan an comórtas a athoscailt. Ní dhéanfaidh sé seo dochar do cheart Chomhairle Chontae na Gaillimhe an próiseas iomaíoch seo a chur ar ceal agus/nó tús a chur le nós imeachta maidir conradh a bhronnadh dá lánrogha féin.

### (m) Pearsanra Ionaid

Ní mór fógra i scríbhinn a sheoladh (tríd an bpost nó ar mhodh leictreonach) chomh luath agus is féidir chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe maidir le haon athrú ar phearsanra ainmnithe atá beartaithe, agus is faoi réir ceadú a fháil i scríbhinn ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe a bheidh aon athrú dá leithéid. Ní mór go mbeadh pearsanra ionaid ar chomhchaighdeán nó ag caighdeán níos fearr ná an phearsanra reatha ó thaobh cáilíochtaí agus taithí de.

### (n) Cóipcheart

Beidh úinéireacht chóipchirt ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar aon ábhar a fhorbraítear lena úsáid ag Comhairle Chontae na Gaillimhe faoi théarmaí an mheastacháin seo. D’fhéadfadh an soláthraí seirbhíse ceadúnas neamheisiach bheith aige chun ábhar dá leithéid a úsáid ach chun a chríocha féin amháin (atá le comhaontú leis an ngnólacht a n-éiríonn leis).

### (o) An Fhreagracht atá ar an bPáirtí a nÉiríonn leis

Mar choinníoll den dámhachtain, is é an fothairgeoir amháin (sa chás go n-éiríonn leis sa chomórtas seo) a beidh freagrach as na hoibleagáidí atá faoin gConradh a chomhlíonadh, d’ainneoin athruithe ar bith ar chiorcláin, dlíthe, rialacháin, cánachas, dualgais nó gnéithe eile a d’fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ó bhallraíocht san AE.